2024/2405

13.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2405 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meán Fómhair 2024

lena gcuirtear ar ceal an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'SchwabEX-Guard' i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/114 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid [1], agus go háirithe Airteagal 49 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Eanáir 2022 deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/114 ón gCoimisiún [2] údarú Aontais ag a raibh an uimhir údaraithe EU-0025436-0000 do shealbhóir an údaraithe Sumitomo Chemical Agro Europe SAS chun an táirge bithicídeach aonair céanna 'SchwabEX-Guard' a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 44(5) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(2) An 21 Márta 2024 chuir Sumitomo Chemical Agro Europe SAS iarraidh faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') maidir leis an údarú Aontais sin a chur ar ceal i gcomhréir le hAirteagal 49 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Rinneadh taifead den iarraidh faoi chás-uimhir BC-QP093655-06 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(3) Luaigh Sumitomo Chemical Agro Europe SAS go ndearnadh an iarraidh ar chúiseanna gnó.

(4) An 25 Márta 2024 chuir an Ghníomhaireacht an iarraidh ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'SchwabEX-Guard' a chur ar ceal arna iarraidh sin do shealbhóir an údaraithe agus, dá réir sin, Rialachán (AE) 2022/114 a aisghairm.

(6) Is iomchuí freisin tréimhse chairde a dheonú chun na stoic atá ann cheana a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear ar ceal an t-údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'SchwabEX-Guard' a deonaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/114 do Sumitomo Chemical Agro Europe SAS agus ag a bhfuil an uimhir údaraithe EU-0025436-0000.

Airteagal 2

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/114.

[1] IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/114 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2022 lena ndeonaítear údarú Aontais le haghaidh an táirge bhithicídigh aonair 'SchwabEX-Guard' (IO L 19, 28.1.2022, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/114/oj).

Airteagal 3

Ní chuirfear an táirge bithicídeach 'SchwabEX-Guard' ar fáil ar an margadh a thuilleadh ón 3 Aibreán 2025 agus ní úsáidfear a thuilleadh stoic atá ann cheana den táirge bithicídeach sin ón 3 Deireadh Fómhair 2025.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN